**APR/09/A5/7(a)/4**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**
**NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY**

**AN COISTE PLEANÁLA ACADÚLA AGUS ACMHAINNÍ**

# Treoirlínte maidir le Comhaltaí Foirne Acadúla na hOllscoile ag glacadh le Ceapacháin mar Chomhaltaí Taca nó mar Comhaltaí ar Cuairt in institiúidí eile.

## 1. Prionsabail Ghinearálta

Tugann an Ollscoil tacaíocht, i bprionsabal, do chomhaltaí foirne a bheith ag glacadh le ceapacháin mar chomhaltaí taca nó comhaltaí ar cuairt in institiúidí eile i bhfianaise go dtugtar le ceapacháin den sórt sin aitheantas do sheasamh an chomhalta foirne atá i gceist agus go gcuirtear deiseanna ar fáil do chomhaltaí foirne naisc idirnáisiúnta a chruthú ar mhaithe leo féin, lena mic léinn agus leis an Ollscoil seo.

## 2. Riachtanais le haghaidh Treoirlínte

Níor cheart go gcuirfeadh glacadh le ceapachán mar chomhalta taca/comhalta ar cuairt isteach ar chomhalta foirne agus é/í ag comhlíonadh na ndualgas sin atá luaite sa chonradh atá aige/aici leis an Ollscoil.

## 3. Coinníollacha Ginearálta

Baineann na coinníollacha ginearálta seo a leanas le ceapachán mar chomhalta taca nó mar chomhalta ar cuairt a ghlacadh:

- Ní mór don cheapachán, teideal an cheapacháin san áireamh, a bheith ag teacht le seasamh an chomhalta foirne san Ollscoil seo.
- Ní mór seasamh cuí a bheith ag an institiúid ag a bhfuil an ceapachán á thairiscint.
- Níor cheart in aon chás go gcuirfeadh an ceapachán isteach ar theagasc, ar thaighde ná ar dhualgais eile an chomhalta foirne ina c(h)áil mar chomhalta den fhoireann acadúil ná níor cheart go gcuirfeadh sé ualach ar mhic léinn, ar chomhghleacaithe ná ar an Ollscoil go ginearálta.
- Ní mór gach obair thaighde, gach foilseachán, etc., de chuid an chomhalta foirne a bheith luaite le OÉ Gaillimh.
- Bainfidh na gnáthnósanna imeachta maidir le tréimhsí neamhláithreachta ón Ollscoil le neamhláithreacht a bhainfidh leis an gCeapachán mar Chomhalta Taca nó mar Chomhalta ar Cuairt.

## 4. Cead

4.1 Ar mhaithe le follasacht agus freagracht tá sé tábhachtach go mbeadh an Ollscoil ar an eolas faoi cheapacháin mar chomhaltaí taca nó comhaltaí ar cuairt atá glactha ag comhaltaí foirne.

4.2 Ní mór iarratas ar chead chun glacadh le ceapachán mar Chomhalta Taca nó Comhalta ar Cuairt in institiúid eile a dhéanamh ar an bhfoirm atá ceangailte leis seo. Ní ceadmhach glacadh le ceapachán mura bhfuil cead faighte.

4.3 Is faoin Uachtarán é, nó ainmní an Uachtaráin, cead a thabhairt glacadh le ceapachán mar chomhalta taca nó comhalta ar cuairt, i ndiaidh moladh a fháil ón gCeann Scoile cuí (i gcás Ceann Scoile, beidh moladh ón Déan Coláiste cuí ag teastáil. I gcás Déan, beidh moladh ón Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid ag teastáil). Chun críocha na dTreoirlínte seo, is é an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid ainmní an Uachtaráin, ach amháin i gcás Déin nuair is é an tUachtarán a ghníomhóidh.

4.4 Ba cheart iarratas chun glacadh le ceapachán mar chomhalta taca nó comhalta ar cuairt a chur faoi bhráid an Chinn Scoile, an Déin nó an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid ar dtús, de réir 4.3 thuas; cuirfidh an duine sin moladh maidir leis an iarratas faoi bhráid an Uachtaráin nó ainmní an Uachtaráin, de réir mar is cuí.

4.5 Is ar an bhFoirm APR/AVA/1, faoi iamh, a dhéanfar an t-iarratas. Ní mór dóthain eolais a thabhairt chun an t-iarratas a mheas.

4.6 Cuirfidh an Ceann Scoile/Déan/Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid comhairle ar an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid/Uachtarán maidir le cead a thabhairt nó gan é a thabhairt agus na coinníollacha a bhainfidh leis an gcead sin, más ann dóibh.

4.7 Féadfaidh an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid/Uachtarán, de réir mar is cuí, cead glacadh leis an gceapachán a chúlghairm nó a leasú tráth ar bith, más rud é, ina t(h)uairim, nach bhfuil an gealltanas atá i gceist leis an obair ag teacht le dualgais chonarthacha an chomhalta foirne.

4.8 Ní thabharfar cead ach amháin ar choinníoll go ndéanfar cineál an cheapacháin mar Chomhalta Taca nó Chomhalta ar Cuairt soiléir ar aon liosta de Chomhaltaí Taca/Comhaltaí ar Cuairt atá ceaptha san institiúid eile.

4.9 Coimeádfaidh an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid taifead den líon ceadanna a tugadh chun glacadh le poist mar Chomhalta Taca nó Comhalta ar Cuairt in institiúidí eile. Féadfar alt eolais maidir le ceapacháin mar Chomhaltaí Taca agus Comhaltaí ar Cuairt atá ag comhaltaí foirne a chur san áireamh i dTuarascáil an Uachtaráin.

**5. Ceapacháin, etc., nach gcuimsítear faoi na Treoirlínte seo**

5.1 Ní thagann na ceapacháin ná an obair seo a leanas faoi réim théarmaí na dTreoirlínte seo.

- Scrúdaitheoireachtaí Seachtracha
- Scríbhneoireacht ócáideach de chineál ginearálta
- Léachtaí ócáideacha, nó a bheith ina (h)aoichainteoir ar chlár raidió nó teilifíse.

5.2 Is ionann "ócáideach" dá dtagraítear i mír 5.1 agus rud nach ndéantar go minic laistigh de sheisiún agus/nó gearr in achair ama ar leith nó achair ama charnacha le linn cás amháin nó níos mó i seisiún.

**APR/AVA/1**

**National University of Ireland, Galway**
**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

Iarratas ar Chead chun glacadh le Ceapachán mar Chomhalta Taca nó Comhalta ar Cuairt in institiúid eile

**Ba cheart an fhoirm seo a sheoladh ar ais chuig Oifig an Mheabhránaí agus an Uachtaráin Ionaid.**

Ainm: ___________________________________ (ceannlitreacha, le do thoil)

Scoil: ___________________________________________

1. Ainm agus Seoladh na hInstitiúide ag a bhfuil an ceapachán á thairiscint:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

2. Teideal an Cheapacháin atá á thairiscint: ________________________________________

3. Fad ama an cheapacháin: ______________________________________________________

4. Luach saothair (más ann dó) a ghabhann leis an gCeapachán: ___________________________

5. Dualgais/oibleagáidí a ghabhann leis an gCeapachán: _________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

6. Líon cuairteanna atá de dhíth ón institiúid a bhfuil an ceapachán á thairiscint aici (sonraigh líon na laethanta agus tabhair dátaí):

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

7. Cuir i gceangal leis seo leathanach amháin ina dtugtar cuntas ar an tairbhe a bhfuil tú ag súil léi ón gceapachán duit féin, agus do do Scoil, do Choláiste, don Ollscoil agus do mhic léinn.

8. Déanaim leis seo iarratas ar chead a fháil chun glacadh leis an gceapachán mar ___________

_________________________ ag ______________________________________________________

faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le Treoirlínte um Cheapacháin Chomhaltaí Taca agus Chomhaltaí ar Cuairt.

Sínithe : ____________________________________

Dáta : ____________________________________

Moladh (Ceann na Scoile*) : ______________________________________

Dáta : ____________________________________

*Féach Míreanna 4.3 agus 4.4 de na Treoirlínte